Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Report to Arts, Culture, Leisure and Recreation SPC
27th February 2023
Item No. 16

Miontuairiscí – Dé hAoine, 11 Samhain ag 2.30pm ar Zoom

I Láthair: An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha (Cathaoirleach), An Comhairleoir Deirdre Heney, An Comhairleoir Naoise Ó Muirí, Julian de Spáinn (Ard-Rúnaí, Conradh na Gaeilge), , Orla McMorrow, Donncha Ó Cathasaigh.

Leithscéalta: An Comhairleoir Nial Ring; Ray Yeates
Ag glacadh na miontuairiscí: Orla McMorrow / Catherine Neville

Clár Oibre

1. Miontuairiscí
2. Nithe a bhaineann leis na Miontuairiscí
3. Pleanáil le Lá Mór na Gaeilge 2023
4. BÁC le Gaeilge (Julian de Spáinn)
5. Baillríocht breise don fhochoiste Gaeilge
6. Aon ghnó eile

1. **Miontuairscí** - glacadh leis na miontuairiscí.

2. **Nithe a bhaineann leis na Miontuairiscí** – Ní raibh aon rud le plé.

3. **Pleanáil le Lá Mór na Gaeilge 2023 (30ú Aibreán 2023)**

   Dúirt Julian deSpáinn go raibh tús curtha le freagrachtaí do ghnéithe éagsúla den chláir á shocrú, idir *BÁC le Gaeilge* agus *An Chomhairle* féin agus go raibh sé seo á phlé ag Ray Yeats agus Mícheál Ó Nualláin.
   Luaigh an Cathaoirleach an buiséad a bheadh ar fáil agus go raibh súil aige go mbeadh an mhaoinniú céanna, agus breise, ar fáil I 2023 is a bhí ar fáil I mbliana. Luaigh sé am line agus dréacht den chláir a bheith réidh le plé ag an gcéad cruinniú eile.

4. **BÁC le Gaeilge (Julian de Spáinn)**

   Dúirt Julian de Spáinn gur éirigh go maith leis an seoladh i dTeach an Ardmhéara, Dé Sathairn 22 Deireadh Fómhair ag 6-8pm – go raibh an tóir ar na scéimeanna do ghnólachtaí a fhógraíodh ar an oíche. Rinne an Cathaoirleach comhghairdeas as iarrachtaí gach duine a bhí páirteach san ócáid.

Bhí plé ansin faoi BÁC le Gaeilge. Luaigh Orla McMorrow go bhfuil obair leanúnach le déanamh aici agus ag Micheál Ó Nualláin maidir le heolas a chur le chéile le fógairt ar an suíomh nua ag BÁC le Gaeilge. Dúirt sí go raibh roinnt mhaith ríomhphoist seolta aici chuig na Ranna éagsúla sa Chomhairle le heolas i dtaoibh imeachtaí agus seirbhís Gaeilge a bhailliú. Beidh Micheál ag cur an eolas seo ar an suíomh de réir mar a sheolann Orla an teolas sin chuige.

5. Baillríocht breise don fhochoiste Gaeilge

Tá Ray Yeates ag déileáil leis an ábhar seo ach ní mór do chuile duine ar an gcoiste a gcuid moltaí maidir le baillríocht bhreise a sheoladh chuig Ray. Dúirt Orla go ndearna sí féin liosta mholaí d'ionadaíocht bhreise ó na ranna seo a leanas: An Cuideachta Chultúrtha; Na Leabharlanna Poiblí; An Roinn Cumarsáide / Preas Oifig; Teach an Ard Mhéara; An tAonad Imeachtaí agus Roinn na bPáirceanna. Bhí plé ansin faoin mbaillríocht agus aontaíodh go dtabharfadh Orla faoi cuireadh a dhréachtú, le cuireadh a thabhairt do bhainistíocht gach Roinn, baillríocht breise a mholadh don Fhochoiste.

Luaigh Donncha Ó Cathasaigh go raibh sé ag labhairt le Eileen Quinlivan, Príomhfheidhmeannach Cúnta, Seirbhísí Corparáideacha, Trasfhoirmiú & Acmhainní Daonna, (tagann an Ghaeilge faoina cúram) agus bhí plé acu maidir leis a gá le coiste inmheánach a bhunú maidir le cuspóirí formhaoirseachta agus cúiseanna straitéiseacha.

Bhí plé ansin ag an fhochoiste maidir leis an ábhar sin agus d'aontaigh Donncha Ó Cathasaigh go mbreathnóidh sé ar na téarmaí tagartha den fhochoiste seo ar dtús chun a fháil amach an bhfuil maoirseacht agus beartas stráitéiseach inmheánach cludaithe cheana féin.

Dúirt Donncha go mbeadh cruinniú ag oifigigh an fhochoiste faoin ábhar seo agus go bhfuil sé ar intinn acu cruinniú a chur ar bun don bhaill foirne (nó aon duine le suim i nGaeilge) le húsáid na Gaeilge sa Chomhairle a phlé, go háirithe conas is fearr úsáid a bhaint as na scileanna teanga a ghnóthaíonn fostaithe tar éis dóibh tabhairt faoi chúrsaí Gaeilge. Anuas ar sin luaigh Donncha go bhfuil gá, seans, le clár meantóireachta. Mhol Donncha go mba chóir go mbeadh duine breise san Aonad Gaeilge le cabhrú le hOrla .

6. Aon Ghnó eile

Luaigh an Cathaoirleach nach bhfuair sé freagra ón bPríomhfheidhmeannach fós maidir le droch-Ghaeilge ar chomhartaíocht sráide sa chathair.
Mhol an Comhairleoir Deirdre Heney go mba chóir dúinn Oíche Shóisialta a shocrú roimh na Nollaig chun deis a thabhairt do dhaoine an Ghaeilge a labhairt go háirithe dóibh siúd go bhfuil cúrsaí Gaeilge déanta acu. Bhí plé ansin faoi ionad oiriúnach.

Gníomhartha:
OMcM - le dréacht cuireadh a chur le chéile agus a chur faoi bhráid Cathaoirleach maidir le baillríocht breise don Fhochoiste
DOC – le féachaint ar thearmaí teagartha an fhochoiste

Minutes of the Irish Language sub-committee – 11 November at 2.30pm on Zoom

Present: Cllr. Mícheál Mac Donncha (Chair), Cllr. Deirdre Heney, Cllr. Naoise Ó Muirí, Julian de Spáinn (Secretary General, Conradh na Gaeilge), , Orla McMorrow, Donncha Ó Cathasaigh.

Excused: Cllr. Nial Ring; Ray Yeates

Taking Minutes: Orla McMorrow / Catherine Neville

Agenda:

7. Minutes
8. Matters arising from the minutes
9. Planning for Lá Mór na Gaeilge 2023
10. BÁC le Gaeilge (Julian de Spáinn)
11. Additional membership of Irish language sub-committee
12. AOB

7. **Minutes** – minutes agreed

8. **Nithe a bhaineann leis na Miontuairiscí** – No matters arising from minutes

9. Planning for Lá Mór na Gaeilge 2023 (30ú Aibreán 2023)

Julian de Spáinn said that a start has been made on designating responsibility between BAC le Gaeilge and DCC for various aspects of the Lá Mór na Gaeilge programme. The Chair mentioned the budget and hoped that the same funding (if not additional) would be available in 2023. He requested that a copy of a draft programme could be available for the next meeting.

10. BÁC le Gaeilge (Julian de Spáinn)

Julian de Spáinn said that the launch in the Mansion House on 22nd October 2022 went well. There has been some demand for the schemes designed for businesses which were announced on the night. The Chair congratulated everyone who participated in the event.

There was then a discussion about BÁC le Gaeilge. Orla McMorrow mentioned that there is some follow-up work to be done by both herself and Mícheál Ó Nualláin in terms of advertising on the new BÁC le Gaeilge website. She said that she has sent emails to various sections within the Council requesting details of events and services provided in Irish. Mícheál will upload this information to the website as soon as he receives it.

11. Additional membership of the Irish language sub-committee

Ray Yeates is dealing with this matter but everyone on the committee can forward on their recommendations to Ray with regard to additional membership.

Orla said that she compiled a potential list of nominees from the following sections: Dublin City Council Culture Company, Libraries, Communications/Press Office, Lord Mayor's Office, Events Unit and Parks. A discussion took place on membership and it was agreed that Orla would prepare a draft invitation to be sent to management in each Department requesting recommendations for additional membership to the sub-committee.

Donncha Ó Cathasaigh said that he was speaking to Eileen Quinlivan, Assistant CEO, Corporate Services, Transformation and Human Resources (Irish falls within her remit) and they discussed whether an internal committee was also required to deal with supervisory objectives and strategic policies.

A further discussion took place on this topic and Donncha agreed that he would look over the terms of reference of this sub-committee first to establish if supervision and internal strategic policy is already included.

Donncha said that officers of the subcommittee would meet regarding this matter and they are looking at the possibility of holding a meeting for members or anyone with interest in the Irish language (within the Council?) to discuss the use of Irish in the City Council, in particular how best to use the Irish skills gained by employees from training courses. In addition to this, Donncha said that there may be a need for a mentorship programme. Donncha recommended that an additional person/staff member is required in the Irish Language Unit to work with Orla.

12. AOB

The Chair mentioned that he had not yet received a reply from the Chief Executive with regard to incorrect Irish displayed on street signage in the city. Cllr. Deirdre Heney recommended that a social evening should be held before Christmas to provide an opportunity for people to speak Irish in particular those that already participated in Irish courses. There was then a discussion regarding a suitable venue.

Actions:

OMcM – Draft invitation regarding additional membership of the sub-committee to be prepared and forwarded to the Chair for approval

DOC – to look over the terms of reference of the sub-committee